comhairle chontae na mí
meath county council

Plean Corparáideach d'Údaráis Áitiúla na Mí

2009 - 2014

Comhairle Chontae na Mí,
Halla an Chontae, An Uaimh, Contae na Mí, Éire
teileafón: +353 (046) 9097000, facs: +353 (046) 9097001, ríomhphost:
eolas@meathcoco.ie • www.meath.ie

Comhairle teagmhála teileafóin éigeardáil taobh amuigh de uaire oifige: 1890 445 335

Réamhrá 2

Fís & Misean 3

Daonlathas Áitiúil 4

Rialtas Áitiúil I gcomhthéacs 6

Limistéir Sheirbhíse 7

Bun-Luachanna 8

An Timpeallacht Oibríochta 9

Déimeagrafacha Athraitheacha 10

Cuspóirí Corparáideacha agus Straitéisí Tacaíochta 11

Feidhmiú, Monatóireacht agus Athbhreithniú 17

Tá an-áthas orainn ár bPlean Corparáideach a chur i láthair do na blianta 2009 go 2014.
Tá fís ag Údaráis Áitiúla Chontae na Mí do Chontae a bhfuil aitheantas bainte amach aige go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar áit iontach chun infheistíocht a dhéanamh ann, chun cuairt a thabhairt air agus chun cónaí ann, áit cháiliúil ó thaobh fhiúntas a dheiseanna fostaíochta, a oidhreacht, a chultúr agus ó thaobh neart agus inmharthanacht a phobail. Treoireoidh an Plean seo gníomhartha Údaráis Áitiúla Chontae na Mí sa tréimhse cúig bliana atá amach romhainn agus leagan amach an creat straitéiseach ina n-oibreoidh Údaráis Áitiúla Chontae na Mí laistigh le linn na tréimhse.

Glacann an Plean Corparáideach le cur chuige ar fud na heagraíochta ar fad, a chuimsíonn na seirbhísí a chuireann Comhairle Chontae na Mí, Comhairle Bhaile na hUaimhe, Comhairle Bhaile Cheannanas Mór agus Comhairle Baile Bhaile Átha Troim ar fáil. Leagann an cur chuige seo béim ar an gcaidreamh agus ar an idirspleáchas idir Comhairlí Baile agus an Chomhairle Chontae.

Tá Údaráis Áitiúla Chontae na Mí ag feidhmiú i dtimpeallacht atá ag athrú go síoraí agus an fás daonra leanúnach sa Chontae agus mar thoradh air sin an méadú san éileamh ar sheirbhísí mar thréithe den timpeallacht athraitheach sin.

Táimid ag tabhairt aghaidh ar go leor dúshlán nua, go háirithe i struchtúr sóisialta agus eacnamaíochta na tíre. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag díriú isteach ar fhorbairt eacnamaíochta agus ar chur chun cinn Chontae na Mí mar phríomhshuíomh le haghaidh infheistíocht a mhealladh ann agus freagairt do na dúshláin nua atá ag teacht chun cinn do mhuintir na hÉireann ag an am céanna. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil na seirbhísí bonneagair leagtha síos chun fás cothromaithe sa Chontae a éascú agus tacaíocht a thabhairt do riachtanais na bpobal atá ann cheana ag an am céanna.

Ullmhaíodh an plean seo trí phróiseas comhairliúchain le saoránaigh an Chontae, leis na Comhairleoirí tofa, leis an mBord Forbartha Contae agus le lucht Bainistíochta agus le Foireann Údarás Áitiúil Chontae na Mí. Creidimid go bhfuil na Comhairleoirí, an Bhainistíocht agus an Fhoireann dírithe ar agus tiomanta do dhifear mór a dhéanamh do Chontae na Mí le linn threimhse an phlean. Creidimid go bhfuil na meicníochtaí leagtha síos againn chomh maith chun tacú lenár gcomhpháirtithe stáit agus leathstáit agus chun comhpháirtíocht leanúnach a spreagadh inár bpobail.

Tabarfaidh sraith Pleananna Bliantúla Oibríochta tacaíocht don Phlean Corparáideach, a fhorbróidh an próiseas forfheidhmithe trí chuntas mionsonraithe a thabhairt ar an tslí a mbainfear na spriocanna amach. Beidh tomhas feidhmíochta mar chuid lárnach den phróiseas forfheidhmithe, de réir mar is gá sa doiciméad 'Luach a Sheachadadh do Dhaoine – Táscairí Seirbhísí d'Údaráis Áitiúla', agus mar a fhoilsítear sa Tuarascáil Bhliantúil.

Tá Údaráis Áitiúla Chontae na Mí tiomanta an Plean Corparáideach 2009 – 2014 a chur i bhfeidhm agus iad ag tnúth go mór lena bhfís, a misean agus a spriocanna corparáideacha a bhaint amach i gcomhpháirtíocht agus ag comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara i gContae na Mí agus lasmuigh den chontae.

Councillor William Carey
Cathaoirleach

Tom Dowling
An Bainisteoir Contae

Fís:

Tá fís ag Údaráis Áitiúla Chontae na Mí do Chontae a bhfuil aitheantas bainte amach aige go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar áit iontach chun infheistíocht a dhéanamh ann, chun cuairt a thabhairt air agus chun cónaí ann, áit cháiliúil ó thaobh fhiúntas a dheiseanna fostaíochta, a oidhreacht, a chultúr agus ó thaobh neart agus inmharthanacht a phobail.

Misean:

Chun fás eacnamaíoch, sóisialta, cultúir agus comhshaoil ár gcontae a bhrú chun cinn ar shlí a bheidh uilechuimsitheach dár saoránaigh go léir.

Comhairleoirí Contae Chontae na Mí

Toghlimistéar Dhún Seachlainn

Joseph Bonner
(N.P.)

Regina Doherty
(F.G.)

Brian Fitzgerald
(N.P.)

Nick Killian
(F.F.)

Noel Leonard
(F.F.)

Niamh McGowan
(LAB)

Maria Murphy
(F.G.)

Toghlimistéar Cheanannas Mór

Eugene Cassidy
(F.G.)

John V. Farrelly
(F.G.)

Oliver Fox
(F.F.)

Bryan Reilly
(F.F.)

Catherine Yore
(F.G.)

Toghlimistéár na hUaimhe

Shane Cassells
(F.F.)

Francis Deane
(N.P.)

Jim Holloway
(F.G.)

Suzanne Jamal
(F.G.)

Jenny McHugh
(LAB)

Joe Reilly
(S.F.)

Tommy Reilly
(F.F.)

Toghlimistéar Bhaile Shláine

Sirena Campbell
(F.G.)

Jimmy Cudden
(N.P.)

Ann Dillon-Gallagher
(F.G.)

Wayne Harding
(F.F.)

Eoin Holmes
(LAB)

Seamus O' Neill
(N.P.)

Toghlimistéar Bhaile Átha Troim

Ray Butler
(F.G.)

William Carey
(F.G.)

Jimmy Fegan
(F.F.)

Tracey McElhinney
(LAB)

Comhairleoirí Baile Chontae na Mí

Baile Cheanannas Mór

Brian Collins
(LAB)

Brian Curran
(N.P.)

Sean Drew
(F.F.)

Conor Ferguson
(S.F.)

Tommy Grimes
(LAB)

Frankie Lynch
(F.F.)

Brian Reilly
(F.F.)

Sarah Reilly
(F.G.)

Oliver Sweeney
(F.G.)

Baile na hUaimhe

Phil Brennan
(N.P.)

Shane Cassells
(F.F.)

Francis Deane
(N.P.)

Padraig Fitzsimons
(F.G.)

Jim Holloway
(F.G.)

Suzanne Jamal
(F.G.)

Anton McCabe
(LAB)

Joe Reilly
(S.F.)

Peadar Tóibín
(S.F.)

Bhaile Átha Troim

Ray Butler
(F.G.)

Philip Cantwell
(N.P.)

William Fay
(F.G.)

Trevor Golden
(N.P.)

Vincent McHugh
(F.F.)

Ronan McKenna
(F.F.)

Donall O' Brien
(LAB)

James O' Shea
(LAB)

Gerry Reilly
(F.G.)

Toghann Saoránaigh Comhairleoirí chuig Comhairle Chontae na Mí
Bord Forbartha Contae
Rialtas Áitiúil
Forbairt Áitiúil
Comhlachtaí Reachtúla
Comhpháirtithe Sóisialta
Údaráis Áitiúla
Chontae na Mí
Comhairle Chontae na Mí
Comhairle Bhaile
Cheannanas Mór
Comhairle Bhaile
na hUaimhe
Comhairle Baile Bhaile
Átha Troim
Coistí Polasaí
Straitéisigh
Ra
Tithíocht
Bonneagar
Pleanáil
Coistí Ceantar
Is iad na Comhairleoirí a
chinntíonn an Polasaí
An Grúpa Polasaí
Corparáideach
An Bainisteoir Contae a
chuireann an Polasaí i
bhFeidhm
Limistéir Sheirbhíse
Tithíocht agus Tógáil
Iompar ar Bhóithre agus
Sábháilteacht
Seirbhísí Uisce
Bainistiú Forbartha Seirbhísí
Comhshaoil
Áineas agus Taithneamhacht
Talmhaíocht, Oideachas,
Sláinte agus Leas
Seirbhísí Ilghnéitheacha
Struchtúr Tacaíochta
Airgeadas
Iniúchadh Inmheánach
Acmhainní Daonna
Teicneolaíocht Faisnéise
Sláinte agus Sábháilteacht
Seachadadh Seirbhísí do na Saoránaigh

- Bainistiú Tránna agus an Chósta
- Rialú Foirgnimh
- Reiligí
- Naisc Bus agus Iarnróid
- Páirceanna Gnó
- Cosaint Shibhialta
- Forbairt agus Rannpháirtíocht an Phobail
- Cosaint Tomhaltóirí
- Bainistiú Eastát Corparáideach
- Láithreáin Thréigthe
- Rialú Forbartha
- Margaíocht agus Cur Chun Cinn Eacnamaíoch
- Deontais Oideachais
- Feasacht Comhshaoil
- Forfheidhmiú Comhshaoil
- Bainistiú Airgeadais
- Seirbhísí Dóiteáin
- Maolú ar Thuilte
- Pleanáil Chun Cinn
- Sainchead agus Toghcháin
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Oidhreacht agus Caomhnú
- Tacaíochtaí Tithíochta
- Acmhainní Daonna
- Giniúint Smaointe
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Iniúchadh Inmheánach
- Seirbhísí Fóillíochta agus Áineasa
- Leabharlanna agus na hEalaíona
- Bainistiú Bruscair
- Tithíocht Údaráis Áitiúil
- Monatóireacht a dhéanamh ar Straitéis an Chontae
- Mótarchánachas agus Ceadúnais Thiomána
- Oifig Dhearadh Bóithre Náisiúnta
- Tionscnaimh Thithíochta Nua
- Forfheidhmiú Pleanála
- Soilsiú Poiblí
- Clár RAPID (Ceantair a Athbheochan trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt)
- Bainistiú Riosca
- Bainistiú Abhantracha
- Dearadh Bóithre, Tógáil agus Cothabháil do Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta Iad
- Sábháilteacht ar Bhóithre
- Seirbhís do Shaoránaigh
- Seirbhís do Chomhairleoirí
- Seirbhís do Bhord Forbartha an Chontae
- Draenáil Uisce Dromchla
- Forbairt Turasóireachta
- Bainistiú Tráchta
- Lonnaíocht don Lucht Siúil
- An Rannóg Tréidliachta agus Rialú Ainmhithe
- Bainistiú Dramhaíola agus Rialú ar Thruailliú
- Cóireáil Fuíolluisce
- Soláthar Uisce

Bíonn tionchar ag go leor fachtóirí ar thimpeallacht oibríochta Údaráis Áitiúla Chontae na Mí, agus bíonn roinnt acu sin nach bhfuil smacht díreach againn orthu. Cibé an fachtóirí seachtracha nó inmheánacha iad na fachtóirí seo, ní mór iad a bhreithniú agus pleananna agus cláir oibre á n-ullmhú.

Is iad seo a leanas samplaí de fachtóirí seachtracha a mbíonn tionchar acu, agus nó a chuireann isteach ar ár gcumas tabhairt faoi oibreacha nó tionchar a bheith againn ar oibreacha:

- An geilleagar domhanda agus na geilleagair náisiúnta agus áitiúla.
- Treoracha AE, reachtaíocht náisiúnta, beartais Rialtais agus réigiúnacha.
- Treoracha maidir le líon agus earcú foirne.
- Foinsí agus coinníollacha maoinithe a bhaineann le maoiniú a bheith ar fáil.
- Ionchais na saoránach agus an riachtanas atá ann do rochtain uilíoch ar gach seirbhís.
- Cé chomh tarraingteach is atáimid mar shuíomh d'infheistíocht.
- Líon na saoránach a dtaistealaíonn chun na hoibre lasmuigh den Chontae.
- Leathanbhanda leordhóthnach agus cumas cumhachta a bheith ar fáil, chomh maith le sócmhainní bonneagair thraidisiúnta (saoráidí gréasáin bóithre, soláthair uisce agus fuíolluisce).

Áirítear iad seo a leanas ar na fachtóirí inmheánacha a chaithfear a bhreithniú agus cuspóirí réalaíocha á leagan amach don obair in imeacht shaolré an phlean seo:

- Acmhainní dóthanacha a bheith ar fáil ó pheirspictíocht airgeadais agus foirne de.
- Cleachtais oibre a athrú i bhfianaise na riachtanas reachtúla.
- Saincheisteanna foirne.
- Teacht éasca ar chóiríocht oifige cuí agus í a bheith ar fáil.
- Teicneolaíochtaí faisnéise cumarsáide (ICT) a uasmhéadú chun seachadadh seirbhísí agus eifeachtachtaí sruthlínithe a chinntiú.

Bhí tionchar suntasach ag na coinníollacha eacnamaíocha sa tír le blianta beaga anuas ar go leor fachtóirí seachtracha agus imheánacha atá liostáilte thuas; ní mór iad seo a athbhreithniú ar bhonn rialta, agus go háirithe in ullmhú pleananna buiséid agus pleananna oibríochta bliantúla araon.

Beidh na bunluachanna seo a leanas, atá mar bhonn ag ár n-obair mar threoir ag Údaráis Áitiúla Chontae na Mí agus an plean seo á chur i bhfeidhm acu.

Inrochtaineacht, Cuntasacht, Oscailteacht

Pobail a thógáil

Fócas ar Shaoránaigh

Daonlathas Áitiúil a Fheabhsú

Glacadh le hAthrú

Comhionannas agus Uilechuimsitheacht Shóisialta

Bainistiú Acmhainní

Meas agus aird a bheith ar an bhFoireann uile

Inbhuanaitheacht

Ag Obair i gComhpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara

Daonra athrú i gContae na Mí – 1966 - 2010*



* Tagann an figiúr daonra deimhnithe is déanaí do Cho. na Mí ó Dhaonáireamh 2006 de chuid an Phríomh-Oifig Staidrimh. Meastar go bhfuil daonra reatha de thart ar 177,500 duine ag Co. na Mí.

Roinnt príomhfhíricí ó dhéimeagrafacha athraitheacha na tíre :

Daonra iomlán de réir Daonáirimh 2006	162,831	
Ardú sa Daonra 2002 - 2006	28,826[2]	
Meánardú bliantúil sa daonra 2002 - 2006	5,767	28,826[2]
An Baile is Mó	Navan	24,842
An Céatadán a Chónaíonn i gCeantair Uirbeacha	52.6%	
Céatadán den daonra faoi 15	38,150	(23.4%)
Céatadán den daonra faoi 25	60,011	(36.9%)
Céatadán den daonra faoi 65	13,024	(11.7%)
Réamhmheastachán Daonra do 2016	195,898	

[1] Bunaithe ar shonraí ó Dhaonáireamh 2006.
[2] An t-ardú céatadáin is mó in aon limistéar riaracháin seachas Comhairle Chontae Fhine Gall.
[3] Tógadh an figiúr ó na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010 – 2022 (Dréacht le haghaidh Comhairliúcháin Phoiblí) foilsithe in Eanáir 2010.

Leagtha amach thíos tá roinnt cuspóirí leathana ar fud na heagraíochta chun treo feidhmeanna na heagraíochta a threorú agus a mhúnlú.

1. **Íomha deafach de Chontae na Mí mar áit chónaithe, mar cheann scríbe turasóireachta idéalach agus mar togha láthair gnó d'infheisteoirí a chur chun cinn.**

2. **Seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúlacha a sheachadadh dár saoránaigh.**

3. **Bonneagar sóisialta agus fisiciúil Chontae na Mí a phleanáil agus a fhorbairt chun ár bpobail a láidriú.**

4. **Fás eacnamaíochta inbhuanaithe agus deiseanna fostaíochta a éascú agus a spreagadh.**

5. **Tacú le rannpháirtíocht an phobail agus daonlathas áitiúil agus iad a chur chun cinn.**

6. **Ár mBailte a fhorbairt mar ionaid inmharthana, pobail agus tráchtála.**

STRAITÉISÍ TACAÍOCHTA

- Timpeallacht glan, sábháilte agus sláintiúil a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú don ghlúin seo agus do na glúine amach anseo.
- A chinntiú go ndéantar oidhreacht dhúchais shuntasach, tógtha agus chultúir Cho. na Mí a chosaint, a chaomhnú agus a chothabháil ar na caighdeáin is airde.
- Cuma fhisiciúil ár mbailte agus ár sráidbhailte a fheabhsú tuilleadh agus caighdeáin airde de dhearadh ailtireachta agus tógáil a chur chun cinn, agus beidh Údaráis Áitiúla Chontae na Mí ag feidhmiú mar eiseamlár chruthaitheachta agus nuálachta.
- Leanúint ar aghaidh ag obair le heagraíochtaí spóirt áitiúla chun caighdeán ár mbonneagar spóirt a chur chun cinn agus a fhorbairt agus chun forbairt bhreise a dhéanamh ar chultúr a chothaíonn rannpháirtíocht agus obair dheonach i spórt, sna healaíona, agus i ngníomhaíochtaí pobail agus cultúir.
- An Mhí a fhorbairt mar phríomhcheann scríbe turasóireachta idirnáisiúnta agus baile, ag coinneáil a seasaimh mar Phríomhchontae Oidhreachta na hÉireann, trí mhargaíocht, trí ghníomhaíochtaí comhoibritheacha agus trí fhorbairt táirgí.
- Na tairbhí eacnamaíochta agus sóisialta a bhaineann le stádas an Chontae mar Phríomhchontae Oidhreachta na hÉireann a uasmhéadú agus arduithe i líon na gcuairteoirí a bhaint amach.
- Leanúint ar aghaidh ag obair le geallsealbhóirí aitheanta sa tionscal eachaí agus rásaíochta capall chun na deiseanna fostaíochta a uasmhéadú agus chun gach saghas de thurasóireacht a bhaineann le heachaí a chur chun cinn.
- Forbairt ghnó a fhorbairt agus a éascú tríd an leas is fearr a bhaint as na deiseanna atá ann cheana agus a d'fheádfadh a bheith ann agus as socruithe comhpháirtíochta.
- Forbairt eacnamaíochta eolasbhunaithe nua-aimseartha a chothú i moil eacnamaíochta phríomhúla & tánaisteacha aitheanta.
- Deiseanna eacnamaíochta agus fostaíochta an M4 Knowledge Valley a uasmhéadú tríd ár nascanna le NUI Maigh Nuad a fheabhsú agus deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán a fhorbairt ag Maigh Gadaí / Carton Demesne a dhíríonn ar an ngeilleagar STUAMA.
- Deiseanna ardoideachais a aithint, a fhorbairt agus a chur chun cinn, ar nós foghlaim ar feadh an tsaoil, trí chomhpháirtíocht agus trí chomhoibriú.
- Leagáid eacnamaíochta, turasóireachta agus chultúir a fhorbairt maidir leis an 2011 Solheim Cup a óstáil ag Caisleán an Chillín agus chun an Mhí a fhorbairt mar cheann de na príomhchinn scríbe gailf sa tír.
- Meas a bheith againnn ar stair bheo thírdhreach saibhir seandálaíochta agus cultúir na tíre agus sult a bhaint aisti a fhéachann ar "Stair Ríoga" an chontae, agus is é an sampla is fearr de sin ná an áit draíochtúil, Gleann na Bóinne.
- Na deiseanna forbartha eacnamaíochta dár gcontae a thagann chun cinn ó Chonair Forbartha Eacnamaíocht M1 Baile Átha Cliath Béal Feirste, an príomhghné d'fhorbairt eacnamaíochta laistigh den oileán seo a aithint, a uasmhéadú agus an leas is fearr bhaint astu.

STRAITÉISÍ TACAÍOCHTA

- Nuálaíocht a spreagadh & timpeallacht ghnó-chairdiúil a chothú laistigh d'Údaráis Áitiúla Chontae na Mí.

- Prionsabail luach ar airgead a chur chun cinn agus acmhainneacht bhainistiú airgeadais a láidriú ar fud na heagraíochta.

- Obriú i gcomhar le agus i gcomhoibriú le comhaltaí poiblí eile chun eacnamaíochtaí scála agus luach ar airgead a bhaint amach i seachadadh seirbhísí.

- Cumais seachadadh seirbhísí ar líne na Comhairle a mheadú agus a fheabhsú chun freastal ar riachtanais saoránach agus gnó Chontae na Mí.

- Leanúint ar aghaidh leis an gclár próiseas inmheánach feabhsaithe i seachadadh seirbhísí.

- Chun cur ar chumas na foirne gach is féidir leo a bhaint amach, trí oiliúint chuí agus forbairt ghairmiúil, agus freastal ar riachtanais athraitheacha na heagraíochta.

- An fhoireann a spreagadh trí dhíriú ar obair fhoirne agus ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú ar fud gach roinne laistigh d'Údaráis Áitiúla Chontae na Mí.

STRAITÉISÍ TACAÍOCHTA

- Bonneagar an Chontae a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh agus a chinntiú go n-éascaíonn an infheistíocht bonneagair fhobairt fhisiciúil, shóisialta, chultúir agus eacnamaíoch an chontae.
- A chinntiú go bhfuil bonneagar ann cheana féin nó bonneagar beartaithe chun forbairt nua a éascú.
- Amanna taistil agus sábháilteacht bóithre gach úsáideora a fheabhsú trí bhearta bhainistiú tráchta éifeachtach a chur i bhfeidhm.
- Saoráidí páirceála carr agus páirceáil rialaithe a chur ar fáil i mbailte ar fud an Chontae.
- Freastal ar riachtanais cóiríochta na ndaoine sin ar aithníodh go raibh riachtanas tithíochta acu, trasna éagsúlacht roghanna cóiríochta.
- Ár stoc tithíochta atá ann cheana féin a chaomhnú agus a chothabháil chuig leibhéal ard, rannpháirtíocht tionóntaí a uasmhéadú agus Forbairt Pobail a chur chun cinn.
- Leanúint ag seachadadh seirbhís leabharlainne nua-aimseartha a chuireann uilechuimsitheacht shóisialta, foghlaim ar feadh an tsaoil, áineas agus rochtain ar eolas chun cinn.
- Raon clár d'ardchaighdeán a fhorbairt agus a sheachadadh chun an fheasacht agus na tairbhí a bhaineann le gníomhaíocht fhisiciúil agus spórt a ardú.
- Rochtain agus feasacht ar na hEalaíona agus rannpháirtíocht iontu a ardú do gach earnáil sa phobal.
- Ár bPáirceanna a fhorbairt agus a fheabhsú chun áineas éighníomhach a éascú dár saoránaigh ar fad.
- Raon clár agus tionscnamh a fhorbairt agus a sheachadadh do dhaoine óga mar bhealach chun forbairt scileanna agus lánpháirtiú sóisialta a bhaint amach.
- Ionad Sárchleachtais a fhorbairt do sheanóirí chun deiseanna do chairdeas, do scileanna nua agus do thaithí nua a éascú i timpeallacht dearfach a bhíonn fabhrach do dhaoine aosta.

STRAITÉISÍ TACAÍOCHTA

- Feabhsuithe bonneagair a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ag teacht le pleanáil mhaith d'úsáid talún, a fhreastalaíonn ar ár bhforbairt inbhuanaithe reatha agus réamh-mheasta trí:
  - Sholáthar seasta d'uisce inólta d'ardchaighdeán a tháirgeadh.
  - Shaoráidí bhailithe agus chóirithe fuíolluisce éifeachtacha a chur ar fáil agus ag an am céanna ag déanamh ár ndícheall chun aidhmeanna an Chreata-Treoir Uisce a bhaint amach.
  - Chórais inbhuanaithe draenála uirbeacha a chur chun cinn.
  - Ghréasán bóithre atá cothabháilte agus feabhsaithe a sheachadadh chun freastal ar riachtanais na ndaoine a bhíonn ag úsáid an bhóthair.
  - Gach modh iompair inbhuanaithe a chur chun cinn ag teacht le beartais an rialtais ar SMARTER Travel.
- Sheachadadh leathanbhanda ardluais a éascú le béim ar leith ar mhoil eacnamaíochta phríomhúla & tánaisteacha aitheanta.
- Sholáthar bonneagair fhuinnimh a éascú le béim ar leith ar fhorbairt na bhfoinsí fuinnimh inathnuaite ag láthaireacha oiriúnacha.
- Sholáthar bonneagair dramhaíola d'ardchaighdeán a bheidh éifeachtúil ó thaobh costais de a éascú a léiríonn riachtanais an phobail agus a fhreastalaíonn orthu.
- Fhorbairt Cho. na Mí mar áit d'fhás eacnamaíochta inbhuanaithe a éascú agus na deiseanna fostaíochta laistigh den chontae a uasmhéadú do dhaonra atá ag fás.
- Chóras pleanála fisisceach a fheidhmiú, a éascaíonn agus a sholáthraíonn an spreagadh d'fhorbairt eacnamaíochta, agus ag an am céanna ag cothú chosaint na timpeallachta nádúrtha agus tógtha sa Chontae an t-am ar fad.
- Leanúint ag cur Contae na Mí chun cinn go gníomhach mar áit tarraingteach do dheiseanna infheistíochta isteach ag baint leas as ár shuíomh geografach mar chuid de, agus i gceangal le, Geata Náisiúnta na hÉireann.
- Oibriú le gach gníomhaireacht a fheidhmíonn laistigh den Chontae chun cur chuige lánpháirtithe a bhaint amach i seachadadh bonneagair eacnamaíoch, sóisialta agus cultúir.
- Leanúint ag tacú le agus ag éascú Bhord Forbartha Chontae na Mí ó thaobh chur i bhfeidhm a straitéis lánpháirtithe (Le Chéile) do Cho. na Mí.
- Tacú le gníomhaíochtaí eacnamaíochta tuath-bhunaithe agus le héagsúlú ó imeachtaí talmhaíochta agus iad a éascú.
- Tuilleadh feabhais a chur ar ár mbonneagar iompair chun rochtain ar phoist, áinéas, turasóireacht, saoráidí agus seirbhísí a fheabhsú laistigh den Chontae.

STRAITÉISÍ TACAÍOCHTA

- Raon leathan clár agus seirbhísí a fhorbairt agus a chur chin cinn chun rannpháirtíocht i ngníomhaíocht pobail a éascú.

- Na cláir atá ann cheana féin a chothabháil le gach cuid den phobal chun gníomhaíocht áitiúil a spreagadh agus meoin úinéireachta a chothú chun timpeallacht chónaithe bríomhar d'ardchaighdeán a bhaint amach.

- Comhoibriú le pobail agus le geallsealbhóirí chun pobail uilechuimsitheacha agus inbhuanaithe a thógáil.

- Leanúint ag tacú le agus ag éascú Bhord Forbartha Chontae na Mí chun tionscnaimh thras-earnála a chur chun cinn.

- Uilechuimsitheacht shóisialta agus comhionannas a chur chun cinn mar shlí chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaine agus ar mhíbhuntáiste agus chun deireadh a chur le hidirdhealú a d'fhéadadh aon phobal mionlach a bheith ag fulaingt.

- Tacú le ról na gcomhairleoirí a oibríonn laistigh de chreat phrionsabal daonlathach, a éascaíonn rannpháirtíocht an phobail.

- Cultúir feabhais i soláthar seirbhíse a chur chun cinn, atá freagrach do riachtanais ár gcustaiméirí agus bunaithe ar ár gCairt Chustaiméirí a ghlacamar léi.

- Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil lenar gcustaiméirí agus leis an bpobal níos leithne trí úsáid a bhaint as ár soláthar seirbhíse inmheánach, na meáin áitiúla agus náisiúnta agus tríd an méid úsaide agus is féidir a bhaint as córais teicneolaíochta faisnéise.

- Cláir Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm laistigh den eagraíocht.

STRAITÉISÍ TACAÍOCHTA

- Pleanáil agus forbairt ár n-ionad uirbí straitéiseach mar phríomh-mhoil thráchtála agus fostaíochta laistigh dár gContae, ag meaitseáil post níos dlúithe leis na háiteanna a chónaíonn daoine agus ag baint leasa as phoitéinseal na ndaoine agus na háite.

- Ár mbailte agus ár sráidbhailte a chomhdhlúthú, a láidriú agus a fheabhsú mar an fócas ar an saol tráchtála agus shaol an phobail araon laistigh dár gcontae.

- Athúsáid agus athghiniúint an talaimh agus na bhfoirgneamh oidhreachta atá ann cheana a spreagadh agus a éascú laistigh de lár an bhaile, le béim ar leith ar oidhreacht saintógtha na gCeall.

- Feabhsuithe timpeallachta a éascú agus a chur i bhfeidhm ar fud an Chontae trí idirchaidreamh le tionscnaimh phobail agus iad a chur chun cinn.

- Lánpháirtiú idir pobail dhúchasacha agus pobail "nua-Éireannacha" chun inbhuanaitheacht fadtéarmach ár bpobal, agus laistigh dár bpobal, a chinntiú.

- Rannpháirtíocht ár bpobal áitiúil a spreagadh maidir le dearadh agus cothabháil spáis oscailte laistigh dár mbailte agus dár sráidbhailte.

- Díriú ar spásanna uirbeacha feidhmiúla agus inrochtaine, ar ardchaighdéán a bhaint amach ar fud an Chontae a shainmhíníonn saol poiblí ár mbailte agus ár sráidbhailte agus a neartaíonn an "spiorad áitiúil".

Beidh an Feidhmeannas ag obair i dteannta an Ghrúpa Polasaí Corparáideach freagrach go hiomlán as cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh. Gach bliain déanfar na Cuspóirí agus na Straitéisí atá sa Phlean a mheaitseáil leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Chomhairle. Oibreoidh an Feidhmeannas agus an Grúpa Polasaí Corparáideach le chéile chun an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ó ioncam a chinntear go háitúil, ó mhaoiniú rialtais láir agus ó fhoinsí maoinithe eile. Nuair nach bhfuil acmhainní airgeadais dóthanacha ar fáil, tabharfar tosaíocht do chuspóirí a bhfuil sé i gceist acu na príomhchuspóirí a bhaint amach laistigh de shaol an phlean.

Cuireann an aeráid eacnamaíoch atá ann ag glacadh an Phlean dúshláin agus srianta tromchúiseacha i láthair maidir lena chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh an riachtanas d'athchoigeartuithe móra in airgeadas an Rialtais, mar aon leis an laghdú mór in ioncam a chinntear go háitiúil cumas na Comhairle a theorannú maidir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean a chur i bhfeidhm.

Tabharfaidh an Feidhmeannas tosaíocht do shannadh foirne i dtreo príomhchuspóirí a bhaint amach. Soláthróidh an Chomhairle teicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide chun tacú le comhaltaí foirne cuspóirí an Phlean a bhaint amach.

Tar éis tosaíocht agus leithdháileadh na n-acmhainní i ngach bliain airgeadais, déanfar pleananna oibríochta na rannóige a ullmhú, agus cuirfidh sé sin le plean oibríochta bliantúil na heagraíochta. Déanfaidh an Feidhmeannas monatóireacht ar chur i bhfeidhm an phlean oibríochta seo agus tabharfaidh sé an Grúpa Polasaí Corparáideach cothrom le dáta ar bhonn rialta.

Beidh na Táscairí Seirbhísí Náisiúnta mar bhunús do mhonatóireacht feidhmíochta na Comhairle i gcoinne sraith chritéar dearbhaithe neamhspleách. Ag leibhéal áitiúil cuirfear regime monatóireacht feidhmíochta i bhfeidhm, de réir mar is gá, chun na táscairí náisiúnta a fhorlíonadh.

Déanfar athbhreithniú ar an bPlean Corparáideach ar bhonn bhliantúil agus foilseofar na torthaí sa Tuarascáil Bhliantúil.